Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 25

# Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

# Réamhrá

Mar Stiúrthóir ar Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, is mise an tOifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 25. Ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus speansais Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá farasbarr €649,000 dlite le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Dímheas***

Dímheastar feabhsúcháin ar áitreabh léasach ar ráta 5% in aghaidh na bliana de réir méid chothroim.

Gearrtar dímheas ar bhonn míosúil.

***Tairseacha sócmhainní caipitil***

Mar a fhoráiltear dó i gCiorclán 22 de 2020, tá tairseach €1,000 curtha i bhfeidhm ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas maidir le caipitliú a shócmhainní caipitil.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á fheidhmiú ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

Déantar an fhreagracht sin a fheidhmiú i gcomhthéacs na n-acmhainní a bhíonn ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid oibleagáidí eile mar Stiúrthóir ar an gCoimisiún. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcumhdaítear sócmhainní, go n- údaraítear agus go dtaifeadtar idirbhearta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht á n-athbhreithniú go leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Soláthraíonn an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí párolla agus acmhainní daonna don Choimisiún ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam i dtaca le riachtanais an chomhaontaithe um bainistiú seirbhísí idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhís chomhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil rialuithe cuí i bhfeidhm maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Oifig seo.

Is é seo a leanas an seasamh i ndáil leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, leis an gcreat nósanna imeachta riaracháin, le tuairisciú an lucht bainistíochta agus le hiniúchóireacht inmheánach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an lucht bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm faoi mo fhreagrachtaí a chomhlíonadh maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tuairiscíodh na nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó ar fad.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú an lucht bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe rialta lucht bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- tá córas buiséadaithe cuí lena ngabhann buiséad bliantúil ann a bhíonn faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta agus ag an gCoimisiún
- déanann an lucht ardbhainistíochta agus an Coimisiún athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha bliantúla agus tréimhsiúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le buiséid
- oibrítear córas bainistíochta riosca taobh istigh den Choimisiún
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistithe tionscadal ann
- cinntíonn Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas go bhfuil díriú cuí ann ar an dea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na treoirlínte ábhartha ar fad.

***Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (atá á seachfhoinsiú faoi láthair) ag a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí. Tá anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas nochta dóibh mar bhonn agus taca d'obair na feidhme agus bunaítear a pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla, atá faofa agamsa agus ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Déanaimse, agus déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil.

Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go bhfiosraítear tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Comhlíonadh soláthair***

Deimhním go gcinntíonn Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas go bhfuil díriú cuí ann ar an dea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloítear leis na treoirlínte ábhartha ar fad.

In 2020, chomhlíon Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas na treoirlínte seachas ceithre shocrú soláthair (sa bhreis ar €25,000), dar luach €161,372 (gan CBL a áireamh) san iomlán. Leagtar na mionsonraí sin amach thíos:

- Cuireadh conradh amháin dar luach €34,322 i bhfeidhm le haghaidh árachais.
- Cuireadh chonradh dar luach €127,050 i bhfeidhm le haghaidh comhairle shaineolaíoch dlí.

Chuir Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas mionsonraí na gconarthaí neamhiomaíocha ar fáil sa tuairisceán bliantúil maidir le Ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear rioscaí buntábhachtacha agus na gníomhartha bainistíochta a dhéantar chun aghaidh a thabhairt orthu agus, a oiread agus is féidir, na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sonraítear na príomhrioscaí a bhíonn roimh an gCoimisiún agus sonraíodh, measadh agus grádaíodh iad sin de réir a shuntasaí is a bhíonn siad. Déanann an lucht ardbhainistíochta, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Coimisiún athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár go rialta. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Tugtar mionsonraí sa chlár rioscaí faoi na rialuithe agus gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú, thángthas ar chomhaontú sásúil agus rinneadh roinnt moltaí maidir le freagracht as oibriú na rialuithe a shanntar do bhaill foirne shonracha.

***Faireachán agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta, don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Choimisiún, i gcás gurb ábhartha, ar bhonn tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnamh a shainaithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an gCoimisiún chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus rialú. Bíonn faireachán agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais á dtreorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Choimisiún a bhíonn freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Paindéim Covid-19***

Cuireadh dhá mheasúnú Covid-19 i gcrích. Ba mheasúnú riosca sláinte agus sábháilteachta ar ár nOifigí ar Shráid na Faiche é an chéad cheann, i ndiaidh rialuithe coisc Covid-19 a shuiteáil. Thug conraitheoir neamhspleách tríú páirtí faoin measúnú sin agus baineadh de thátal as gur laghdaigh gníomhartha maolaithe an lucht ardbhainistíochta an dóchúlacht agus an tionchar a bhain le rioscaí Covid-19.

Thug ár bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí faoin dara measúnú mar chuid d’athbhreithniú iniúchóireachta ar na rialuithe inmheánacha airgeadais a chuimsigh cáipéis Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar *Thionchar Covid-19 ar an Timpeallacht Rialaithe (Meán Fómhair 2020)*. Rinne na hiniúchóirí breithmheas ar an éifeacht a bheadh ag cianobair ar an timpeallacht rialaithe inmheánaigh airgeadais agus rinneadh roinnt moltaí atá á gcur chun feidhme faoi láthair.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach airgeadais in 2020 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu, nó a bhféadfadh go mbeadh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu.

**Laurence Bond**
An tOifigeach Cuntasaíochta
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
31 Márta 2021

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

# Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

## Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí atá an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

## Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, sa *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus McCarthy**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meitheamh 2021

# Vóta 25 Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine

## Cuntas Leithreasa 2020

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| | **Caiteachas an chláir** | | | |
| A | Feidhm Choimisiún um Chearta an Duine agus Comhionannas na hÉireann | 6,814 | 6,154 | 5,973 |
| | **Ollchaiteachas** | **6,814** | **6,154** | **5,973** |
| | *Lúide* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **81** | **70** | **92** |
| | **Glanchaiteachas** | **6,733** | **6,084** | **5,881** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **648,867** | **780,875** |

**Laurence Bond**
An tOifigeach Cuntasaíochta
Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

31 Márta 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 2,944 | 2,821 |
| Neamhphá | | 3,210 | 3,152 |
| **Ollchaiteachas** | | **6,154** | **5,973** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **70** | **92** |
| **Glanchaiteachas** | | **6,084** | **5,881** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid | (100) | | |
| Dímheas | 178 | | |
| | | 78 | 93 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | | (129) | 131 |
| **Caiteachas díreach** | | **6,033** | **6,105** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | | |
| **Glanchostas an chláir** | | 8 | 6 |
| | | **6,041** | **6,111** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo leanas maidir le Vóta 25 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 8 | 6 |
| | | **8** | **6** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 1,681 | 1,759 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead | | 214 | — |
| Réamhíocaíochtaí | | 190 | 143 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.2 | 4 | 22 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.4 | — | 219 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **408** | **384** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead | | — | 127 |
| Speansais fhabhraithe | | 34 | 116 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.3 | 140 | 114 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.4 | 78 | — |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **252** | **357** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 156 | 27 |
| **Glansócmhainní** | | **1,837** | **1,786** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **An cuntas um maoiniú Stáit** | 2.5 | **1,837** | **1,786** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Feabhsuithe Léasachta | Troscán agus feistis | Trealamh TF agus oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2020 | 1,746 | 346 | 270 | 2,362 |
| Breiseanna | — | 14 | 86 | 100 |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2020 | 1,746 | 360 | 356 | 2,462 |
| | | | | |
| **Dímheas carnach** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2020 | 334 | 134 | 135 | 603 |
| Dímheas don bhliain | 87 | 36 | 55 | 178 |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2020 | 421 | 170 | 190 | 781 |
| | | | | |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2020** | **1,325** | **190** | **166** | **1,681** |
| | | | | |
| Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2019 | 1,412 | 212 | 135 | 1,759 |

## 2.2 Iarmhéideanna dochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe ar an scéim pas taistil | — | 19 |
| An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre | 1 | — |
| Párolla íoctha roimh ré | 3 | 3 |
| | **4** | **22** |

## 2.3 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| amhail an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 49 | 38 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 34 | 31 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 44 | 27 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 4 | 9 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 9 | 7 |
| Cáin bhreisluacha | — | — |
| | **140** | **112** |
| | | |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | — | 2 |
| | **140** | **114** |

## 2.4 Glanmhaoiniú Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2020 €000 | 2019 €000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le géilleadh | 649 | 781 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (571) | (1,000) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **78** | **(219)** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 214 | — |
| Iarmhéideanna dochair | 4 | 22 |
| | 218 | 22 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | — | (127) |
| Dlite don Stát | (140) | (112) |
| Iarmhéideanna creidmheasa | — | (2) |
| | (140) | (241) |
| | **78** | **(219)** |

## 2.5 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | €000 | 2020 €000 | 2019 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Glansócmhainní amhail an 1 Eanáir | | | 1,786 | 2,010 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 6,733 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (649) | | |
| Glanvóta | | | 6,084 | 5,881 |
| Caiteachas (airgead) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 8 | 6 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (6,041) | (6,111) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **1,837** | **1,786** |

## 2.6 Ceangaltais

**Ceangaltais dhomhanda**

| amhail an 31 Nollaig | 2020 €000 | 2019 €000 |
|---|---|---|
| Soláthar earraí agus seirbhísí [a] | 1,217 | 1,558 |
| Cláir dheontais neamhchaipitil | 13 | 232 |
| Dlí agus tionscadail eile | 115 | 107 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidhmithe le dlí** | **1,345** | **1,897** |

Nóta [a] Is ionann ceangaltas an léasa áitribh agus €269,984 in aghaidh na bliana go dtí 2024.

## Nóta 3 Caiteachas an Vóta

### Anailís ar an gcaiteachas riaracháin

Rangaítear an leithdháileadh ar fad do Vóta 25 Coimisiún um Chearta an Duine agus Comhionannas na hÉireann mar chaiteachas riaracháin a chuirtear i bhfeidhm ar chlár amháin: Feidhm Choimisiún um Chearta an Duine agus Comhionannas na hÉireann.

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 3,721 | 2,944 | 2,821 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 63 | 17 | 62 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,856 | 1,738 | 1,650 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 50 | 34 | 56 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 305 | 413 | 443 |
| vi | Speansais áitreabh oifige | 520 | 614 | 509 |
| vii | Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithniú ar luach ar airgead agus ar bheartas | 299 | 394 | 432 |
| | | 6,814 | 6,154 | 5,973 |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar breac-chuntas sa nóta seo a leanas ar anailís ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugtar breac-chuntas ar na cúiseanna atá le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**i. Tuarastail, pá agus liúntais**

*Soláthar meastacháin: €3.721 milliún, Toradh: €2.944 milliún*

Tharla an gannchaiteachas de € 776,836 ar thuarastail, ar phá agus ar liúntais toisc nár shroich IHREC an leibhéal fostaíochta beartaithe de 64 ball foirne (FTE) in 2020. Bhí 58 mball foirne (coibhéis lánaimseartha) ag an gCoimisiún i dtús na bliana. Amhail an 31 Nollaig 2020, bhí 63 bhall foirne (coibhéis lánaimseartha) ag an gCoimisiún. Astu sin, earcaíodh seachtar sa ráithe dheireanach den bhliain, mar sin ní fheicfear an tionchar iomlán costais go dtí 2021. Leanfaimid ag méadú líon na foirne sna blianta amach romhainn de réir ár leithdháilte pá cheadaithe.

**v. Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF**

*Soláthar meastacháin: €305,000, Toradh: €413,000*

Tharla an méadú ar chaiteachas de €108,184 ar threalamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF mar gheall ar infheistíocht i dtrealamh chun tacú le cianobair agus chun an líon foirne níos airde a fostaíodh in 2020 a éascú.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | 81 | 58 | 77 |
| 2 | Ilghnéitheach | — | 12 | 15 |
| | **Iomlán** | **81** | **70** | **92** |

# Nóta 5 Líon Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **63** | **58** |

## 5.2 Pá

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 2,639 | 2,519 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 30 | 42 |
| ÁSPC an Fhostóra | 275 | 260 |
| **Pá iomlán** | **2,944** | **2,821** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon faighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **An íocaíocht aonair is mó** | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2020** | **2019** |
| | | | **€** | **€** |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise [a] | 3 | 1 | 22,829 | 11,741 |

Nóta [a] Áirítear riaráistí leis an íocaíocht aonair is mó in 2020.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Costais Chúitimh agus Dlí

Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún faoi alt 40 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, cúnamh a thabhairt do dhaoine atá i mbun imeachtaí faoi dhlí an chomhionannais agus/nó faoin dlí um chearta an duine.

In 2018, chinn an Coimisiún slánaíocht a dheonú ar chliant alt 40 amháin i gcás imeachtaí san Ard-Chúirt. Chuir an Ard-Chúirt cinneadh na Cúirte Oibreachais ar ceal agus rialaigh sí i bhfabhar an chliaint.

Tá an cás á achomharc anois leis an gCúirt Achomhairc, áit a mbeidh an Coimisiún i mbun ionadaíocht dhlíthiúil don chliant. In 2020, chinn an Coimisiún, le ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go ndeonófaí slánaíocht maidir le himeachtaí na Cúirte Achomhairc. Níor tabhaíodh aon chaiteachas faoin tslánaíocht go dtí seo.

Anuas air sin, in 2020, le ceadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, dheonaigh an Coimisiún slánaíocht amháin eile ar chliant alt 40 maidir le himeachtaí na hArd-Chúirte.